# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

# LAIDIN – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉ hAOINE, 16 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30**

**THALL →**

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (50)

"I, sequere Italiam ventis, pete regna per undas.
spero equidem mediis, si quid pia numina possunt,
supplicia hausurum scopulis et nomine 'Dido'
saepe vocaturum. sequar atris ignibus absens
et, cum frigida mors anima seduxerit artus,
omnibus umbra locis adero. dabis, improbe, poenas.
audiam et haec manes veniet mihi fama sub imos."
his medium dictis sermonem abrumpit et auras
aegra fugit seque ex oculis avertit et aufert,
linquens multa metu cunctantem et multa volentem
dicere. suscipiunt famulae conlapsaque membra
marmoreo referunt thalamo stratisque reponunt.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (30)
(Tá deich marc ag gabháil le gach ceist díobh).

- **(a)** Cérbh í Díodó? Tabhair breac-chuntas ar a saol sular casadh Aeinéas uirthi.
- **(b)** Mínigh cén fáth a gcuireann Díodó mallacht chomh géar sin ar Aeinéas.
- **(c)** Déan cur síos ar na hullmhúcháin a rinne Aeinéas agus na Traígh dá n-imeacht as an gCartaig.
- **(d)** Cén fhianaise atá sa sliocht seo go bhfuil Díodó ag smaoineamh ar lámh a chur ina bás? Roghnaigh **dhá** shampla as an sliocht chun do fhreagra a léiriú.
- **(e)** An raibh níos mó comhbhá agat le Díodó nó le hAeinéas nuair a bhí na sleachta ar do chúrsa á léamh agat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.
- **(f)** Déan cur síos achomair ar na cineálacha filíochta a scríobh Veirgil.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Tá an sclábhchailín Palaestra, ar ghabh a máistir Labrax í le díol i dtír i gcéin, tagtha slán as longbhriseadh)*

Olim navis trans mare navigabat. In nave erat pulcherrima puella, Palaestra nomine, quae ancilla erat. Dominus eius erat Labrax, homo pessimus. Quamquam iuvenis, ancillam emere cupiens, multam pecuniam ei dederat, Labrax eam procul a patria vendere volebat. Media nocte tanta tempestas fuit ut navis frangeretur. Dum navis mergitur puella in mare desiluit et quod tam defessa est ad terram vix vivens advenit.

Prope mare erat templum deae Veneris. Scelestus Labrax promiserat se Palaestram ad templum ducturum esse ut puellam traderet iuveni, qui eam magnopere amabat.

| | | |
|---|---|---|
| trans: *trasna* | patria: *tír dhúchais* | tempestas: *stoirm* |
| mergo: *téim faoi uisce* | desilio: *léimim síos* | |

**3.** Léigh an sliocht seo thíos agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. **[80]**
(Tá ocht marc ag gabháil le gach ceist).

*(Déanann Palaestra achainí ar chabhair sa teampall, ach is ann a aimsíonn Labrax í)*

Iuvenis, qui Palaestram emere voluerat, procul erat. Iam puella sola erat, nesciebatque quid faceret. Erat prope templum villa, in qua senex habitabat. Hic senex multis antea annis filiam suam <u>amiserat:</u> nam filia a <u>latronibus</u> capta ablata erat. Senex iam solus cum paucis servis habitabat.

Puella templum ingressa <u>sacerdotem</u> oravit ut se adiuvaret. Interea Labrax, qui e mare quoque effugerat, ad templum appropinquavit. Labrax puellam conspectam capere conatus est. Senex, clamoribus in templo auditis, puellam servavit. Senex duobus servis imperavit ut Labracem tenerent.

amitto: *caillim* latro: *ropaire* sacerdos: *sagart*

**(i)** Cá háit a raibh an fear óg ar theastaigh uaidh Palaestra a cheannach?
**(ii)** Cén staid intinne ina raibh Palaestra nuair a bhí sí ina haonar?
**(iii)** Cá háit a raibh cónaí ar an seanfhear?
**(iv)** Cad a tharla don seanfhear mórán blianta roimhe sin?
**(v)** Cad a rinne na ropairí?
**(vi)** Cé a chónaigh leis an seanfhear?
**(vii)** Cad a rinne Palaestra nuair a tháinig sí isteach sa teampall?
**(viii)** Cad a tharla do Labrax idir an dá linn?
**(ix)** Cad a d'fhéach Labrax le déanamh?
**(x)** Cad a rinne an seanfhear nuair a chuala sé gártha sa teampall?
**(xi)** Cén chaoi ar éirigh leis é sin a dhéanamh?
**(xii)** Cén sórt clásail é *ut se adiuvaret* (líne 5)? Cén aimsir agus cén modh ina bhfuil an briathar?
**(xiii)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo thíos ón sliocht thuas:-

volo, sum, nescio, ingredior, oro.

**(xiv)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Iolra i gcás **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

iuvenis, puella, templum, senex, servus.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Ceannaire an-chróga ab ea <u>Vercingetorix</u> a chuaigh chun tosaigh in aghaidh na Rómhánach. (16)
**(b)** D'áitigh <u>Vercingetorix</u> ar mhórán <u>Gallach</u> eile troid in aghaidh na Rómhánach. (16)
**(c)** Chuir Iúil Caesar <u>gairm</u> ar mhórán saighdiúirí chun an lámh in uachtar a fháil ar an namhaid. (16)
**(d)** Rinne Iúil Caesar ceannaireacht chomh maith sin ar a shaighdiúirí go bhfuair sé an lámh in uachtar ar na <u>Gallaigh</u> gan mhoill. (16)
**(e)** Dúirt Caesar go mbéarfadh sé <u>Vercingetorix</u> chun na Róimhe mar phríosúnach. (16)

*Vercingetorix*: Vercingetorix, -igis, *f.* *Gallach:* Gallus, -i, *f.*
*gairm a chur ar*: convoco, convocare, convocavi, convocatum



**THALL→**

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Feallmharú Iúil Caesar)*

Caesar cum in Italiam venisset milites senatorum undique vicit. Postea in aliis terris omnes hostes celeriter superavit: quas victorias his verbis nuntiavit, 'Veni, vidi, vici.'

Dictator creatus maxima cum clementia omnibus parcebat optimasque leges tulit. Priusquam tamen omnia quae volebat agere posset ab senatoribus inimicis occisus est. E quibus unus, M. Brutus nomine, olim inimicus, postea in amicitiam ab illo acceptus est. Hunc ubi Caesar vidit, 'Et tu, Brute!' clamavit, nec diutius resistebat. Caesar multis vulneribus transfixus prope statuam Pompeii mortuus est.

| | | |
|---|---|---|
| victoria: *bua* | clementia: *trócaire* | parco (+ Tabharthach): *tugaim pardún do* |
| lex: *dlí* | priusquam: *roimh* | inimicus: *namhaid* |
| amicitia: *cairdeas* | resisto: *cuirim in aghaidh* | transfigo: *treaghdaim, pollaim* |
| statua: *dealbh* | | |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cén chaoi ar éirigh coimhlint idir na Rómhánaigh agus na Cartagaigh i dtosach?
- **(ii)** Luaigh **dhá** thoradh a bhí ar an gCéad Chogadh Púnach.
- **(iii)** Cén fáth ar tugadh an leasainm Cunctator ar Quintus Fabius Maximus?
- **(iv)** Cá háit a raibh Zama? Cad a tharla ansin in 202 RCh?
- **(v)** Cén fáth ar thug Tibir Gracchus a chuid leasuithe talún isteach?
- **(vi)** Cén chaoi ar ghabh na Rómhánaigh Jugurtha faoi dheireadh?
- **(vii)** Cad a tharla ag cath Aquae Sextiae agus ag cath Vercellae?
- **(viii)** Cérbh é M. Livius Drusus Óg? Cén chaoi ar tharraing sé trioblóid ar na Rómhánaigh?
- **(ix)** Cén tábhacht a bhain le hIúil Caesar ag trasnú an Rubicon in 49 RCh?
- **(x)** Ainmnigh **dhá** chúis a bhfuil clú agus cáil ar Marcus Tullius Ciceareó.

**B.** Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i mbeatha agus i ngníomhréim **Publius Cornelius Scipio Aemilianus Minor (Scipio Óg)**. (20)

**NÓ**

Ba é **Poimpéas** an fear ba mhó sa Róimh tráth ach fuair sé bás ina aonar ar an gcladach san Éigipt. Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina bheatha agus ina ghníomhréim. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén cineál oideachais a d'fhaigheadh cailín Rómhánach de ghnáth?
**(ii)** Luaigh na **trí** chuid in ainm an tsaoránaigh Rómhánaigh. Tabhair sampla.
**(iii)** Déan cur síos ar an ngaol idir *patronus* agus *cliens* sa tsochaí Rómhánach.
**(iv)** Cén ról a bhíodh ag *quaestor* sa stát Rómhánach?
**(v)** Cé a deireadh *ubi tu Gaius, ego Gaia* agus cé an cúinse ina ndeirtí é?
**(vi)** Cad ab ea an *cursus honorum* sa saol polaitiúil Rómhánach?
**(vii)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha.
**(viii)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe *apodyterium* agus ar an bhfeidhm a bhíodh leis.
**(ix)** Déan cúr síos ar phríomhghnéithe *triclinium* agus ar an bhfeidhm a bhíodh leis i dteach Rómhánach.
**(x)** Cérbh iad na Maighdeana Veisteacha agus cén ról a bhíodh acu sa tsochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de shnoíodóireacht rilífe Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:-



**(i)** Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa tsnoíodóireacht rilífe thuas. (2)

**(ii)** Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfaí sclábhaí a dhéanamh díot sa saol Rómhánach. (4)

**(iii)** Tabhair cur síos achomair ar shearmanas an tsaortha. (4)

**(iv)** Bhíodh réimse leathan ceirdeanna ag sclábhaithe sa saol Rómhánach. Déan cur síos ar **dhá** cheann de na ceirdeanna seo. Abair cén cheird ab fhearr agus cén ceann ba mheasa, dar leat. (10)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán